

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

TUAIRISC

Scoil Náisiúnta an Chaisil
Gleanncholmcille, Contae Dhún na nGall
Uimhir rolla: 18652T

Dáta na Cigireachta: 21 Eanáir 2015



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S

AN CHIGIREACHT

Tuairisc ar Mheastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

Réamhrá

Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU – BCF) i Scoil Náisiúnta an Chaisil in Eanáir 2015. Tá an tuairisc seo bunaithe ar shampla de cheachtanna a breathnaíodh i raon de shuíomhanna foghlama sa scoil, caidreamh le daltaí agus athbhreithniú ar a gcuid oibre, cruinnithe leis an bpríomhoide agus le cathaoirleach an bhoird agus ionadaí na dtuismitheoirí, ceistneoirí a líon tuismitheoirí agus daltaí, agus raon de dhoiciméid scoile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Bunscoil Ghaeltachta chomhoideachais í seo le 69 dalta ar na rollaí. Tá an scoil rannpháirteach i gClár Tacaíochta Scoile faoi Scéim Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS). Tá sí rannpháirteach chomh maith i Scéim na gCúntóirí Teanga áta maoinithe ag an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta. Cé go bhfuil an scoil suite sa Ghaeltacht, tagann líon ard daltaí chun na scoile ó chúlra nárbh í an Ghaeilge a bpríomhtheanga baile. Tá iarracht an-inmholta déanta ag an bhfoireann chun freastal ar na riachtanais agus na dúshlain sochtheangeolaíochta a eascraíonn as an gcúlra teanga seo i gceantair Ghaeltachta.

Tá **láidreachtaí** ag an scoil sna gnéithe seo a leanas:

- Tá an scoil seo ag feidhmiú go han-éifeachtach chun oideachas d'ardchaighdeán a chur ar fáil do na daltaí.
- Feidhmíonn an bord bainistíochta go maith i gcomhpháirt le foireann na scoile chun curaclam leathan agus cothrom a sholáthar do na daltaí.
- Tá cultúr comhoibritheach agus dianoire le sonrú i measc foirne na scoile ar fad.
- Tá sárnósanna oibre préamhaithe sna daltaí.
- Tá caighdeán teagaisc, foghlama agus gnóthachtála na ndaltaí an-ard.
- Comhlíonann an príomhoide a chuid dualgais ceannasaíochta curaclaim agus eagraíochta go han-prioifisiúnta agus go han-éifeachtach.
- Tá gníomhaíochtaí tairbheacha á chur i bhfeidhm ag an bhfoireann mar pháirt den phlean feabhsúcháin scoile.

Déantar **na príomh-mholtaí** seo a leanas:

- Moltar pleanáil a dhéanamh do mhodhanna múinte ina bhfuil úsáid na teicneolaíochta na faisnéise agus na cumarsáide comhtháite leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.
- Moltar an clár oideachais caidrimh agus gnéis (OCG) a chur i bhfeidhm ina iomláine.

Torthaí

1. Gnóthachtáil foghlama na ndaltaí

- Tá cáilíocht na foghlama agus gnóthachtáil na ndaltaí san iomlán ar ardchaighdeán. Tá sárnósanna oibre préamhaithe sna daltaí agus léiríonn an raon leathan oibre atá curtha i gcrích sna cóipleabhair, i dtionscadail, i bhfillteáin agus ina bhfreagraí soiléire ar cheisteanna go bhfuil dul chun cinn an-mhaith á dhéanamh acu.
- Baineann caighdeán an-ard le foghlaim na Gaeilge sa scoil seo. Tá líofacht Ghaeilge ag mórchuid na ndaltaí sna meán agus sna hardranganna ach go háirithe. Sroicheann mórchuid acu caighdeán an-ard tuisceana agus soláthraítear ionchur saibhir teanga i bhfoirm filíochta, scéalaíochta agus comhrá chuige seo. Is in-mholta an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na daltaí sna ranganna sóisir chun an teanga nua a shealbhú agus a úsáid. Tá caighdeán na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla go han-mhaith. Sa Mhatamaitic, tá

an fhoghlaim go han-mhaith ar an iomlán. Is léir ó mheasúnú scoil-bhunaithe agus ón obair a rinneadh le linn na meastóireachta go bhfuil líon ard daltaí ag feidhmiú ar ard-leibheál foghlama in ábhair éagsúla an churaclaim.

- Tá dul chun cinn na ndaltaí, daltaí le riachtanais speisialta oideachais san áireamh, go han-mhaith. Glacann na daltaí páirt an-ghníomhach san fhoghlaim agus cuireann siad na tascanna oibre i gcrích le cumas ar leith.

2. Cáilíocht an teagaisc

- Tá cáilíocht an teagaisc go han-éifeachtach ar an iomlán. Tá trí mhúinteoir i mbun na ranganna príomhshrutha atá ilghrádach. Chomh maith le sin, bíonn múinteoir tacaíochta foghlama sa scoil ar feadh trí lá go leith sa tseachtain agus bíonn múinteoir acmhainne ann ar feadh sé huairé go leith sa tseachtain. Ag am na tuairisce, bhí ionadaí ag obair mar mhúinteoir acmhainne. Tugann cúntóir teanga tacaíocht do na daltaí ar feadh ocht nuairé an chloig sa tseachtain chun freastal ar a saibhriú teanga.
- Tá cultúr comhoibritheach, comhthacaíochta agus dian-oibre le sonrú i measc foireann uile na scoile i bpleanáil agus i gcur i bhfeidhm na hoibre. Déanann siad soláthar éifeachtach do dhifriochtaí in inniúlachtaí na ndaltaí. Tá an teagasc sna seomraí ranga struchtúrtha agus tá luas cuí leis na ceachtanna. Cé go mbaintear úsáid as an gclár bán idirghníomhach le linn an teagaisc, moltar don fhoireann pleanáil do mhodhanna múinte ina bhfuil úsáid teicneolaíochta na faisnéise agus na cumarsáide comhtháite leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.
- Tá ag éirí go han-mhaith leis na stráitéisí comhartheagaisc atá i bhfeidhm i ngach seomra ranga agus tá córas teagasc-roinnte do cheachtanna áirithe á chur i bhfeidhm.
- Tá córas measúnaithe i bhfeidhm ina ndéantar grinn staidéar ar dhul chun cinn na ndaltaí agus tá tionchar torthúil aige ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim.
- Tá cáilíocht an teagaisc do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais an-éifeachtach. Tá stráitéisí torthúla don luath-idirghabháil i bhfeidhm agus tá scileanna léitheoireachta agus uimheartheachta na ndaltaí á bhforbairt go céimniúil.

3. Tacaíocht d'fholláine na ndaltaí

- Tá bainistíocht na ndaltaí go han-éifeachtach ar an iomlán agus cothaítear dea-iompar trí úsáid a bhaint as córas cuí do bhainistiú iompraíochta. Cruthaíonn an fhoireann caidreamh comhbhách le daltaí ina n-áirítear moladh agus aiseolas dearfach a úsáid. Sna ceistneoirí a dáilíodh ar na daltaí, mheas mórchuid acu go bhfuil ag éirí go maith leo sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic. Mheas líon ard acu nach núsáideann siad ríomhaire le linn na gceachtanna.
- Déanann an scoil freastal an-thairbheach ar dhaltaí le riachtanais éagsúla ó chúlra faoi mhíbhuntáiste. Tá an scoil rannpháirteach i raon leathan gníomhaíochtaí seach-churaclaim, mar shampla, dramaíocht, tráth na gceist, peil agus ceolchoirmeacha; tugann na tuismitheoirí lán tacaíocht do na gníomhaíochtaí seo. Bíonn tionóil scoile eagraithe sa scoil go rialta.
- Soláthraítear próifíl agus pleananna aonair oiriúnacha do dhaltaí le riachtanais speisialta foghlama. Cuimsítear gach dalta, agus daltaí le riachtanais speisialta oideachais san áireamh, san obair i seomraí ranga agus suíomhanna foghlama eile go han-éifeachtach. Tugann cúntóir riachtanais speisialta páirt-aimseartha tacaíocht do dhaltaí le riachtanais ar leith.
- Sna ceistneoirí a dáilíodh le linn na meastóireachta, mheas mórchuid na dtuismitheoirí go bhfuil fáilte rompu sa scoil, go bhfuil siad sásta leis an scoil agus go bhfuil ag éirí go maith lena bpáistí. Mheas líon ard acu nár cuireadh ar an eolas iad maidir leis an bpolasaí oideachas caidrimh agus gnéasachta. Moltar an clár

oideachais caidrimh agus gnéis (OCG) a chur i bhfeidhm ina iomláine. Ag an gcruinniú iarchomhdhála, chuir foireann na scoile in iúl go gcuirfeadh an polasaí amach chuig gach tuismitheoir láithreach agus go raibh an phleanáil ar siúl chun an clár OCG a chur i bhfeidhm ina iomláine.

- Thug údaráis na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*, gan athrú na leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*.

4. Ceannaireacht agus Bainistíocht

- Feidhmíonn an bord bainistíochta go maith agus tá na baill gníomhach i mbainistiú na scoile. Oibríonn an bord go héifeachtach i gcomhpháirt le foireann na scoile chun curaclam leathan agus cothrom a sholáthar don dátaí. Tuigeann na baill go bhfuil tábhacht ar leith leis an gcultúr dúchasach agus leis an teanga sa cheantar scoile seo agus cinntíonn siad go bhfuil tosaíocht tugtha don Ghaeilge i gcónaí.
- Comhlíonann an príomhoide atá ag teagasc a chuid dualgais ceannasaíochta curaclaim agus eagraíochta go han-proifisiúnta agus go han-éifeachtach. Cuireann sé chuige chun caighdeán ard a lorg ó na dátaí agus ón bhfoireann ina iomláine. Feidhmíonn an leas príomhoide go maith chun na dualgais a fhreagraíonn do riachtanais na scoile a chur i bhfeidhm.
- Sna ceistneoirí a dailíodh le linn na meastóireachta, mheas mórchuid na dtuismitheoirí go rithear an scoil go maith.

5. Féinmheastóireacht Scoile

- Tá plean trí bliana DEIS curtha le chéile agus spriocanna ar leith curtha i gcrích go han-torthúil. Chuir an scoil béim ar fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta go céimniúil ó rang go rang mar pháirt den phlean DEIS.
- Tá obair an-mhaith ar siúl ó thaobh an fhéinmheastóireacht scoile. Déanann an scoil meastóireacht agus tuairisciú úsáideach ar fhoghlaim na ndaltaí, ar cháilíocht eispéireas foghlama na ndaltaí agus ar cháilíocht an teagaisc trí phroiséis athbhreithnithe féinmheastóireachta. Tá spriocanna feabhsaithe leagtha amach agus tá gníomhaíochtaí tairbheacha á chur i bhfeidhm mar pháirt den phlean feabhsúcháin sa Ghaeilge agus sa Mhatamaitic. Roinn an bord an tuairisc le pobal na scoile, mar is cúf.

Críoch

Tá cumas na scoile chun tuilleadh forbartha a dhéanamh go maith mar go bhfuil cultúr an-chomhoibritheach idir na baill foirne go léir.

Aguisín

Freagra na scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Tá foireann na scoile agus Bord Bainisteoireachta na scoile thar a bheith sásta le tátail agus moltaí na tuairisce scoile.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Tá foireann agus Bord Bainisteoireachta na scoile ag obair go dian fá láthair chun an clár (OCG) a chur i bhfeidhm ina iomláine sa scoil. Beidh tús curtha leis an chlár seo sa triú téarma i mbliana. Tá muidinne, mar fhoireann scoile, ag déanamh athbhreathnú fá láthair ar modhanna múinte uilig na scoile chun úsáid na teicneolaíochta, na faisnéise agus na cumarsáide i measc na bpaistí a mhéadú sa scoil.